



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Eanáir 2023
(OR. en)

5047/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0407(COD)**

**ECOFIN 14
STATIS 1
CODEC 3**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 694 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas Eorpach na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 694 final.

Faoi iamh: COM(2022) 694 final



An Bhruiséil, 7.12.2022
COM(2022) 694 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna
dtabhairt don Choimisiún le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle maidir le córas Eorpach na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach san
Aontas Eorpach**

1. RÉAMHRÁ

Bunaítear Córas Eorpach na gCuntas 2010 (CEC 2010) le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Is córas cuntas náisiúnta agus réigiúnach é CCE 2010 a ceapadh chun riachtanais bheartas eacnamaíoch, sóisialta agus réigiúnach an Aontais a chomhlíonadh. Tá an méid seo a leanas ann:

- a) modheolaíocht (Iarscríbhinn A den Rialachán) maidir le caighdeáin choiteanna, sainmhínte, aicmithe agus rialacha cuntasáíochta nach mór a úsáid chun cuntais agus táblaí a thiomsú ar bhoinn inchomparáide chun críocha an Aontais Eorpaigh;
- b) clár (Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán seo) lena leagtar amach na teorainneacha ama faoina ndéanfaidh na Ballstáit na cuntais agus na táblaí atá le tiomsú i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

Le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán:

- maidir le leasuithe ar mhodheolaíocht CCE 2010, a leagtar amach in Iarscríbhinn A, d'fhonn a hinneachar a shonrú agus a fheabhsú chun léirmhíniú comhchuibhithe a áirithiú nó chun inchomparáideacht idirnáisiúnta a áirithiú ar choinníoll nach n-athraíonn siad a coincheapa bunúsacha, nach n-éilíonn siad acmhainní breise do tháirgeoirí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach chun iad a chur chun feidhme, agus nach bhfuil siad ina gcúis le hathrú ar acmhainní dílse (Airteagal 2(2));
- agus chun iontaofacht agus inchomparáideacht shonraí CCE 2010 na mBallstát maidir le taighde agus forbairt arna dtairgeadh mar ollfhoirmiú caipitil sheasta a áirithiú. Ní mór don Choimisiún a áirithiú, agus a chumhacht á feidhmiú aige de bhun na míre seo, nach gcuirfear leis na gníomhartha tarmligthe sin ualach suntasach breise riaracháin ar na Ballstáit ná ar na haonaid is freagróirí (Airteagal 2(5)).

Tugadh an tríú cumhacht don Choimisiún ar feadh tréimhse dhá mhí, go háirithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáidtear chun seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach (FISIM) a ríomh agus a leithdháileadh i gcuntais náisiúnta i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuiriscítear in Iarscríbhinn A agus b'éigean é a fheidhmiú roimh an 17 Meán Fómhair 2013² (Airteagal 2(4));

Leagtar béim i Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ar a thábhachtaí atá sé go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear

¹Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

² Mar a léirítear sa tuarascáil ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhachtú sin.

leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009³ (Aithris 24).

2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil sin faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 2(5) a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 16 Iúil 2013. Déantar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú ar tharmligeán na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana sin.

3. AN TARMLIGEÁN A FHEIDHMIÚ SA TRÉIMHSE REATHA

Thug an Coimisiún tuairisc ar úsáid tharmligeán na gcumhachtaí le linn na chéad 5 bliana de chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 in 2017⁴.

Le linn na tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin, dar tús an 16 Iúil 2018 de réir shíneadh intuigthe tharmligeán na gcumhachtaí, níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh mar a thugtar dó le hAirteagail 2(2) agus 2(5) de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.

4. CONCLÚID

Ó bhí an 16 Iúil 2018 ann, níor fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar dó le Rialachán (AE) 549/2013.

Mar sin féin, measann an Coimisiún gur cheart go leanfadh na cumhachtaí tarmligthe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 de bheith aige, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh air gníomhartha tarmligthe a ghlacadh amach anseo chun dul chun cinn i modheolaíochtaí staidrimh a léiriú agus i ndáil le hoiriúnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

³ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

⁴ Féach [Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the exercise of the power to adopt delegated acts conferred on the Commission by Regulation \(EU\) No 549/2013 of the European Parliament and of the Council on the European system of national and regional accounts in the European Union](#) [An Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas Eorpach na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach].

